

Tuarascáil Rannpháirtíochta Páirtithe Leasmhara

Clár na nÁbhar

Cuid I. AN CUR CHUIGE

Cuid II. PRÓISEAS

Achoimre ar an treochlár

1. Anailís ar pháirtithe leasmhara (Mapáil agus Anailís)
2. Suirbhé ar Pháirtithe Leasmhara (Dáileadh agus Forbairt)
3. Grúpaí Fócais Páirtithe Leasmhara (Dearadh agus Seachadadh)

Cuid III. SUIRBHÉ

Torthaí an tsuirbhé

CUID IV. GRÚPAÍ FÓCAIS

Torthaí ó ghrúpaí fócais

CUID V. ÁR mBARÚLACHA & MOLTAÍ

AGUISÍNÍ

Ábhair ar fud an Phróisis

- Aguisín A: Liosta Rannpháirtithe an Phróisis Rannpháirtíochta
- Aguisín B: Tuarascáil an tSuirbhé ar Pháirtithe Leasmhara
- Aguisín C: Pléchláir i bhFócasghrúpaí
- Aguisín D: Teimpléad Bhileog Oibre na nGrúpaí Fócais
- Aguisín E: Bileoga Oibre na nGrúpaí Fócais (Íonta amach)

Réamhrá

Léirítear sa tuarascáil a leanas na léargais a bailíodh ó phróiseas rannpháirtíochta páirtithe leasmhara a reáchtáladh le linn mhíonna an Mhárta agus Aibreáin 2021 chun bonn eolais a chur faoi Straitéis Crann agus Foraoiseachta Uirbh Chomhairle Contae Dhún Laoghaire–Ráth an Dúin 2022–2031 atá le teacht. Chuir Marisa Denker ó Connect the Dots agus Wessel Badenhorst ó Urban Mode Ltd an próiseas rannpháirtíochta ar fáil – i gcomhpháirtíocht le Páirceanna agus Seirbhís Tírdhreacha dlr.

Tugtar breac-chuntas sa tuarascáil seo ar an gcur chuige maidir leis an rannpháirtíocht, an próiseas, na torthaí, agus na barúlacha agus na moltaí don dul chun cinn amach anseo. Bainfear úsáid as na léargais a roinntear anseo chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt na Straitéise agus chun í a threorú.

Ní bheadh an tuairisc indéanta mura dtabharfadh rannpháirtithe ó roinnt mhaith páirtithe leasmhara áitiúla sa Chontae a gcuid ama chun a gcuid smaointe agus paisean a roinnt.

Ba mhaith linne, Foireann Forbartha Straitéise Crann dlr ar a bhfuil Aidan ffrench, Lorraine O'Hara agus Neil Molloy ó Sheirbhísí Páirceanna agus Tírdhreacha dlr le cúnaimh ó Marisa Denker ó Connect the Dots Ltd agus Wessel Badenhorst ó Urban Mode Ltd ár mbuíochas ó chroí a ghabháil leis na rannpháirtithe go léir i bpléití an ghrúpa fócais agus as an spreagadh a thugann siad dúinn straitéis dheich mbliana a ullmhú chun fóiriú don chontae iontach ar a dtugaimid ár mbaile.


Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt freisin don tacaíocht chun na Grúpaí Fócais a thug Sandra Kelly agus Kevin Reid ón Rannóg Pobail in dlr a choincheapadh agus a eagrú; Simone Sav ón Lónra Rannpháirtíochta Poiblí; Cormac Shaw, Barry Dempsey agus Natalie Donegan ó Southside Partnership; agus Enda O'Dwyer, Rachel Reid, Amanda Mahon agus Thomas Reck ó Crosscare.

Cuid I. CUR CHUIGE

Beidh Straitéis Crann nua dlr, dar teideal 'Aeráid atá Fabhrach do Chrainn: Folláine an Duine agus an Dúlra', bunaithe ar fhealsúnacht shimplí phraiticiúil: tá crainn de dhíth ar dhaoine agus tá daoine de dhíth ar chrainn, go háirithe sna ceantair uirbeacha. Cé gurb í an Chomhairle a bheidh i gceannas ar an Straitéis, is mian léi freagracht chomhroinnte a spreagadh as aire a thabhairt do chrainn, i measc daoine aonair agus pobal ar fud an chontae. Chuige sin, tá gá le meon an chomhair, na forbartha acmhainní agus an chomhoibrithe. Straitéis 10 mbliana a bheidh mar thoradh air sin agus clár gníomhaíochta deartha chun freastal ar riachtanais áitiúla a oiread agus is indéanta chomh maith le riachtanais chomhshaoil níos leithne.

I bhfianaise na tábhachta sin a chuirtear i leith an chomhoibrithe, theastaigh ó Sheirbhísí Páirceanna agus Tírdhreacha dlr teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara go luath chun an Straitéis a ullmhú. Tá an cur chuige sin i gcomhréir leis an dea-chleachtas go hidirnáisiúnta ina gcuirtear i dtábhacht a thábhachtaí

IAP2'S PUBLIC PARTICIPATION SPECTRUM



© IAP2 International Federation 2014. All rights reserved.

atá sé páirtithe leasmhara a chur san áireamh i bpríomhphróisis chinnteoireachta.

Trí pháirtithe leasmhara a chur san áireamh i bpróisis den sórt sin, áirítear ar na tairbhí iad seo a leanas, ach níl siad teoranta dóibh:

- Straitéis níos láidre bunaithe ar léargas ó shaineolaithe áitiúla (páirtithe leasmhara)
- Muinín mhéadaithe idir an Chomhairle agus páirtithe leasmhara áitiúla

- Braistint láidir ar cheannach isteach trí dhearcadh na bpáirtithe leasmhara a mheas chun cur leis an bplean
- Comhoibriú feabhsaithe do chéim an chur chun feidhme

Ba é an cur chuige i leith an phróisis gníomhaíochtaí a dhearadh a gheobhadh ionchur cuimsitheach ó pháirtithe leasmhara trí shuirbhéireacht agus comhráite struchtúrtha, éascaithe doimhne (grúpaí fócais). Is minic a d'úsáid an ghnólacht idirnáisiúnta páirtithe leasmhara/rannpháirtíochta pobail Connect the Dots a leithéid de phróiseas i measc cliaint éagsúla san earnáil phoiblí in Éirinn agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá, ar ceann den dá fhoireann chomhairleacha í a tugadh ar bord don tionscadal seo. Tá an próiseas seo ag teacht le 'Rannpháirtíocht' agus 'Comhoibriú' i Speictream Rannpháirtíochta Poiblí IAP2. Aithnítear an Speictream seo go hidirnáisiúnta mar chnámh droma trínar féidir próisis rannpháirtíochta poiblí a dhearadh agus a mheas.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach é an próiseas go dtí seo deireadh rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara agus nach cleachtadh aonuaire a bheidh ann. Ina ionad sin, tá sé i gceist tús a chur le próiseas rannpháirtíochta leanúnach le pobail agus le príomhpháirtithe leasmhara mar chuid de chur chun feidhme na Straitéise.

Cuid II. PRÓISEAS

Roinntear sa chuid seo den tuarascáil céimeanna phróiseas rannpháirtíochta na bpáirtithe leasmhara. Tugann na céimeanna seo a leanas breac-chuntas ar an bpróiseas ar tugadh faoi:

1. **Anailís ar pháirtithe leasmhara:** Ceardlann ar líne le foireann forbartha Straitéis na gCrann in dlr chun anailís a dhéanamh ar thionchar agus ar thiomantas na bpáirtithe leasmhara inmheánacha i gComhairle Contae dlr maidir le forbairt agus cur chun feidhme na straitéise; chomh maith le páirtithe leasmhara seachtracha a shainaithint a bhfuil freagracht dhíreach orthu bonneagar glas a choinneáil; agus mapáil páirtithe leasmhara seachtracha a bhaineann tairbhe as crainn agus as an bhforaoiseacht uirbeach sa chontae.
2. **Suirbhé ar pháirtithe leasmhara:** Suirbhé comhdheartha chun tuairimí agus tuiscint na rannpháirtithe a fháil mar a aithníodh san anailís ar pháirtithe leasmhara a scaipeadh agus a próiseáladh roimh thús na ngrúpaí fócais.
4. **Grúpaí fócais páirtithe leasmhara:** Sraith de chúig phlé ar líne le cohóirt réamhshainithe páirtithe leasmhara agus bunaithe ar anailís na bpáirtithe leasmhara.
5. **Tuarascáil rannpháirtíochta páirtithe leasmhara:** Anailís ar phróiseas agus ábhar na bpléití agus na suirbhéanna maille le sraith conclúidí agus moltaí.

Ba iad seo a leanas torthaí beartaithe an phróisis rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara:

- Tuiscint níos leithne agus níos ginearálta i measc páirtithe leasmhara ar na buntáistí a bhaineann le Straitéis chuimsitheach Crann agus Foraoiseachta Uirbí do chontae dlr ar leibhéal agus toisí éagsúla.
- Tuiscint níos leithne agus níos ginearálta ar fhreagrachtaí na bpáirtithe leasmhara agus na saoránach chun ár mbonneagar glas uirbeach a chosaint agus a chothú, go háirithe ár gcrainn agus ár bhforaoisí uirbeacha.
- Gealltanas ó pháirtithe leasmhara comhoibriú agus tacú le forbairt agus cur chun feidhme Straitéis Crainn agus Foraoiseachta Uirbí dlr.
- Léargas ar ról na gcrann in éiceolaíocht chontae dlr.
- Léargas ar luach na gcrann mar cheapadh carbóin.

Céim 1: Anailís ar pháirtithe leasmhara (Mapáil agus Anailís)

Tá próisis rannpháirtíochta páirtithe leasmhara mar seo dírithe ní hamháin ar an táirge deiridh ach ar bhonn cothrom ar an bpróiseas agus ar a thionchair chomh maith. Ní hamháin go gcabhraíonn rannpháirtíocht agus cumasú páirtithe leasmhara chun an Straitéis a mhúnlú, ní hamháin le straitéis níos láidre a chruthú, ach cuidíonn sé freisin le comhghuaillíocht de lucht tacaíochta agus ambasadóirí a mhúnlú chun an Straitéis a chur i gcrích. Trí dheis a thabhairt do pháirtithe leasmhara a rannchuidiú a

chur leis, is minic a fhorbraítear ar bhealach orgánach braistint ceannaigh isteach atá ríthábhachtach do rath straitéise mar seo lena n-éilítear comhoibriú láidir ar fud páirtithe leasmhara agus earnálacha.

Mar sin de, de réir na teoirice sin, aithníodh na príomhghrúpaí páirtithe leasmhara seo a leanas i ndáil le Straitéis na gCrann:

- Gnólachtaí agus Úinéirí Talún
- Grúpaí Pobail
- Foireann Inmheánach DLR (ar fud na Ranna agus na Rannóg)
- An Óige

Nuair a tháinig na grúpaí páirtithe leasmhara ar chomhaontú, ba é an chéad chéim eile daoine a shainaitheant a bheadh ionadaíoch ar na páirtithe leasmhara laistigh de na grúpaí sin a bhféadfaí cuireadh a thabhairt dóibh páirt a ghlacadh sna Grúpaí Fócais. Chuige sin, cuireadh cleachtadh mapála páirtithe leasmhara i gcrích ar dtús chun líon leathan daoine dá bhféadfaí cuireadh a thabhairt a shainaitheant, a d'fhéadfadh cur leis an bpróiseas pleanála straitéise. Ansin, cuireadh anailís ar pháirtithe leasmhara i gcrích trí úsáid a bhaint as uirlisí éagsúla anailíse páirtithe leasmhara inmheánacha chun an tsraith páirtithe leasmhara is oiriúnaí a chinneadh chun páirt a ghlacadh i gcéim an Ghrúpa Fócais den phróiseas pleanála straitéisí.

Ar deireadh, roghnaíodh thart ar 20–25 duine in aghaidh an ghrúpa fócais chun páirt a ghlacadh sna grúpaí fócais Gnó agus Úinéirí Talún, Grúpaí Pobail, grúpaí fócais inmheánacha fhoireann dlr.

Thug eagraí líonra Líonra Rannpháirtíochta Poiblí dlr cúnaimh rí-luachmhar chun cuirí a sheoladh chuig na grúpaí agus eagraíochtaí pobail spriocdhírthe.

Lean an próiseas chun grúpaí fócais óige a roghnú modheolaíocht dhifriúil. Mar gheall ar chód cleachtais na Comhairle agus iad ag plé le daoine óga, bhí sé ciallmhar oibriú i gcomhpháirt le Rannóg Pobail na Comhairle a thacaíonn le Comhairle na nÓg dlr chomh maith le Comhpháirtíocht Southside agus Crosscare a chuireann obair don aos óg ar fáil sa chontae.

[Féach Aguisín A do Liosta Rannpháirtithe an Phróisis Rannpháirtíochta]

Céim 2: Suirbhé ar Pháirtithe Leasmhara (Dáileadh agus Forbairt)

Ba é an Suirbhé an chéad chéim eile den phróiseas. Forbraíodh croícheisteanna agus seoladh suirbhé ar líne chuig daoine mar chuid den chuireadh ón ngrúpa fócais a tugadh dóibh. Ba é cuspóir an tsuirbhé léargais tosaigh a bhailiú ó gach páirtí leasmhar agus tuiscint bhunlíne a fhorbairt ar a ndearcadh agus a dtaithe maidir le crainn agus foraoisí uirbeacha. Bhí na torthaí seo mar bhonn eolais do mhúnú ábhar na bhfócasghrúpaí; rinneadh anailís ar na torthaí chun tuilleadh réimsí fiosrúcháin a nochtadh a d'oirfeadh do sheisiúin ghrinne den sórt sin.

I measc na n-ábhar i gceisteanna an tsuirbhé bhí:

- Tuiscintí ar luach agus ar bhuntáistí na gcrann

- Limistéir ina bhféadfaí cumhdach crann a mhéadú
- Tuiscint ar chomhghaol idir easpa cumhdaigh crann agus réimsí díothachta socheacnamaíche
- Crainn a chomhtháthú le hobair na bpáirtithe leasmhara
- Leibhéal spéise i measc grúpa páirtithe leasmhara maidir le tacú le tionscnaimh a bhaineann le crainn
- Smaointe tosaigh nó moltaí chun a chinntiú go gcoinnítear crainn/cumhdach crann, go léirítear meas orthu agus go méadaítear iad

[Féach tuarascáil iomlán an tsuirbhé in Aguisín B chun gach ceist suirbhé a fheiceáil]

Céim 3: Grúpaí Fócais Páirtithe Leasmhara (Dearadh agus Seachadadh)

Ba iad na Grúpaí Fócais an chéad chéim eile den phróiseas. Ba é cuspóir na ngrúpaí fócais cur le torthaí an tsuirbhé agus léargais ghrinne a bhailiú ó pháirtithe leasmhara, ó cheannairí agus ó ionadaithe ag a raibh peirspictíochtaí difriúla.

Bhí cúig ghrúpa fócais ann – Gnólachtaí agus Úinéirí Talún; Grúpaí Pobail; Foireann inmheánach dlr; agus (dhá cheann) An Óige.

Seo thíos forbhreachnú ar a ndearadh agus a seachadadh.

Struchtúr:

Tugadh cuireadh do thart ar 20 duine páirt a ghlacadh i ngach fócasghrúpa. Ag tús gach seisiúin bhí cur i láthair ó Sheirbhísí Páirceanna agus Tírdhreachaithe dlr inar comhroinneadh príomhfhaisnéis chúlra agus comhthéacs agus bhí croí an tseisiúin i bhfoirm taobhsheomraí faoi stiúir Wessel Badenhorst agus Marisa Denker. Bhí duine (daoine) i ngach ceann de na taobhsheomraí ag glacadh nótaí chun a chinntiú gur gabhadh léargais na rannpháirtithe.

Dearadh:

Ba iad Connect the Dots a chuir na seisiúin le chéile chun comhrá struchtúrtha oscailte a chumasú ar fud na bpáirtithe leasmhara a bhí páirteach ann.

Reáchtáladh na seisiúin ar Zoom agus i ngach seisiún (seachas seisiúin na nÓg) baineadh úsáid as an bhfeidhmchlár Mural (clár bán ar líne) chun bileoga oibre ar líne a chruthú le nótaí *post-it* a taispeánadh ar an scáileán agus a líonadh amach de réir mar a chomhroinn na rannpháirtithe a gcuid smaointe. Ba é an cuspóir a bhí leis an úsáid sin a bhaint as Mural timpeallacht cheardlainne níos tarraingtí a chruthú agus deis níos éasca a thabhairt do rannpháirtithe tógáil ar smaointe a chéile.

[Féach Aguisín C le haghaidh teimpléad bileog oibre a úsáideadh]

Ábhar:

Chlúdaigh seisiúin an ghrúpa fócais ábhair éagsúla chun bonn eolais a chur faoin straitéis agus faoi chur chun feidhme na straitéise. Chuidigh torthaí an tsuirbhé leis na hábhair a mhúnlú agus chuir siad ar chumas an ghrúpa léargas agus smaointe tábhachtacha a nochtadh sa suirbhé a ghrinnscrúdú.

I measc na n-ábhar a bhí faoi chaibidil bhí:

- Luach na gcrann.
- Braistintí mar gheall ar chrainn / foraoisí uirbeacha.
- Luach agus tionchar féideartha Straitéise Crann.
- Laigí agus bacainní a d'fhéadfadh a bheith ann, ach chomh leis sin láidreachtaí agus deiseanna chun cumhdach crann sa chontae a fheabhsú agus a mhéadú.
- Smaointe praiticiúla chun feasacht a mhéadú ar thábhacht na gcrann agus ar rannpháirtíocht páirtithe leasmhara eile chun cumhdach na gcrann a fheabhsú.
- Deiseanna comhoibríocha chun Straitéis Crann a chur chun feidhme.

Cuid III. SUIRBHÉ

Réasúnaíocht don suirbhé

Dearadh an suirbhé chun dearcadh agus smaointe na bhfreagróirí a mheas agus chun cabhrú leis an ullmhúchán dá rannpháirtíocht i bpléití an ghrúpa fócais.

Cuireadh na ceisteanna a úsáideadh i bpléití an ghrúpa fócais le chéile leis an eolas a fuarthas ón anailís ar na freagraí a fuarthas.

Tá luach ag baint leis an anailís ar thorthaí an tsuirbhé, áfach, agus foilsítear mar sin é sa tuarascáil seo.

Anailís ar thorthaí an tsuirbhé

Seo thíos an forbhreathnú ar thorthaí an tsuirbhé a seoladh chuig na daoine dár tugadh cuireadh chuig an ngrúpa fócais.

[Féach Aguisín B chun an tuarascáil iomlán a fháil.]

Déantar comparáid sa tábla seo a leanas idir na meánrátálacha in aghaidh na gceisteanna suirbhé i ngach ceann de na trí shraith de ghrúpaí páirtithe leasmhara a ndearnadh suirbhé orthu.

Meán-Rátálacha (as 10) Shuirbhé Rannpháirtíochta ar Pháirtithe Leasmhara Straitéis Crann dlr

| Uimhir na Ceiste | Cur síos | Meán don Ghrúpa Gnólacht aí | Meán don Ghrúpa Pobail | Meán do Ghrúpa Foirne dlr |
|-------------------------|---|------------------------------------|-------------------------------|----------------------------------|
| 1 | Aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí an athraithe aeráide | 9.14 | 9.47 | 8.63 |
| 2 | Tarraingteacht ár dtimpeallachta maireachtála agus oibre a fheabhsú | 9.29 | 9.73 | 9.25 |
| 3 | Sonas daoine ina dtimpeallacht a fheabhsú | 8.86 | 9.33 | 9.00 |
| 4 | Tráchtáil agus gníomhaíocht ghnó a mhéadú | 7.14 | 6.93 | 7.25 |
| 5 | Feabhas a chur ar chaighdeán áite | 9.57 | 9.40 | 9.13 |

| | | | | |
|----|---|------|------|------|
| 6 | Aghaidh a thabhairt ar chailteanas gnáthóg do phlandaí agus d'ainmhithe | 8.71 | 9.27 | 8.00 |
| 12 | An leibhéal spéise atá ann faoi láthair i measc daoine eile ar nós tú féin (gnólachtaí eile nó úinéirí talún sa chontae, faoi seach) chun tacú le tionscnaimh crann nó tionscadail a bhaineann le crainn? | 7.71 | n/b | n/b |

Go ginearálta, bhí na scóir go léir (thuas) an-ard, rud a léiríonn an luach ard a chuireann freagróirí ar chrainn a fhás sa chontae. Ba é an meán ab ísle i ngach ceann de na trí ghrúpa ná an measúnú a rinne siad ar luach na gcrann chun tráchtáil agus gníomhaíocht ghnó a mhéadú. D'fhéadfadh sé seo a bheith amhlaidh toisc go bhfuil na buntáistí eacnamaíocha a bhaineann le crainn a chur indíreach agus go mbaineann siad le clár oibre níos leithne d'fheabhsú áite, ach cumadh na ceisteanna eile i gcomhthéacs díreach cúise agus éifeachta.

Léiríonn na scóir rátála go háirithe go gcuireann freagróirí meas mór ar an bhfeabhsú a thugann crainn dá dtimpeallacht mhaireachtála. Tá sé seo beagán níos tábhachtaí dóibh ná luach na gcrann chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí an athraithe aeráide nó chun gnáthóg a chosaint do speicis eile agus chun bithéagsúlacht a mhéadú.

Sainithníodh sna freagraí ar Cheist 7 sa Suirbhé (i.e. Cad iad na buntáistí nó na luachanna eile a bhaineann le crainn atá in easnamh orainn?) na gnéithe eile seo a leanas ar cheart iad a chur san áireamh i bpeirspictíocht ar luach na gcrann sa Straitéis, mar seo a leanas:

- Bithéagsúlacht a mhéadú agus gnáthóg do speicis eile a chosaint
- Dídean a chur ar fáil do dhaoine (m.sh. scáth agus cosaint ar an aimsir)
- Cobhsú ithreach a chruthú
- Cur le táirgeadh bia
- Tábhachtach d'fhorbairt leanaí
- Méadú ar luachanna réadmhaoine

Sainithníodh sna freagraí ar Cheisteanna 8 agus 9 (i.e. Cén áit ar chóir cumhdach crann a mhéadú agus réimsí inar féidir le cumhdach crann méadaitheach aghaidh a thabhairt ar neamhionannais) raon áiteanna ar leith sa chontae a mheasann rannpháirtithe gur féidir leo tairbhe a bhaint as níos mó crann a phlandú. Ar bhonn ginearálta, sainithníodh ceantair ina bhfuil tithíocht ard-dlúis nach bhfuil gar do pháirceanna chomh maith le ceantair ina bhfuil tithíocht phoiblí mar thosaíocht. Moladh cur le plandú crann faoin tuath, páirceanna, forbairtí nua tithíochta, colbhaí bóthair ina bhfuil ciumhaiseanna leathana agus imill páirceanna imeartha.

I measc na réimsí sonracha a sainithníodh tá:

- Lár Bhaile Dhún Laoghaire
- An cladach ó Dhún Laoghaire go Baile Nua Mhic Gabhann go Glas Tuathail go Cuas an Ghainimh
- Moreen/An Draighean in Áth an Ghainimh, go háirithe in aice leis an bpáirc peile

- Páirc Clarinda
- Gairdíní Chnoc an tSalainn idir an cosán agus na ráillí bóithre cois cósta
- An spás glas ag bun na Cé Thiar
- Páirc na Saighdiúirí agus na Mairnéalach
- Páirc Chill Bheagóige
- Ceantar Gnó Áth an Ghainimh lena n-áirítear Páirc Ghnó Áth an Ghainimh, An Pháirc Láir agus Baile na Lobhar
- Sráidbhaile Dhún Droma
- An ceantar os comhair Chill an Chroaire in Áth an Ghainimh
- Radharc an Chnoic agus an ceantar ó Dhún Droma go Marlaí agus in aice le linn snámha Bhaile an tSaoir
- An Baile Breac
- Feirm Bhaile na Manach
- Ascaill an Gharráin Chnó

Léiríodh sna freagraí ar Cheist 10 (a d'iarr ar rannpháirtithe cur síos a dhéanamh ar a gcuid oibre a bhaineann le crainn) leibhéal saibhir taithí le crainn in obair agus i dtionscadail na bhfreagróirí. Ina measc seo tá obair go leor grúpaí pobail ar nós grúpaí Bailte Slachtmhara, grúpaí deonacha bainistíochta eastát agus Cumainn Áitritheoirí chun crainn a phlandú; crainn a athphlandú agus a chóireáil i gcás ina ndearnadh damáiste dóibh nó ina ndearnadh loitiméireacht orthu; glanadh crann damáistithe tar éis doineann; agus crainn a chothabháil ina bhféadfadh fadhbanna solais nó cosáin a bheith ann.

Ina theannta sin, in éineacht leis na freagraí ar Cheist 12 (.i. smaointe chun saoránaigh agus pobail a bheith páirteach i dtacú le hobair timpeall ar chrainn), rinneadh roinnt moltaí a d'fhéadfadh níos mó rannpháirtíochta pobail agus torthaí níos fearr a spreagadh do chaighdeán an chumhdaigh crann sa chontae. Áirítear orthu sin:

- Crainn fála scean dhúchasacha a phlandú de réir mar is cuí
- Cláir oideachasúla maidir leis na crainn chearta a phlandú sna háiteanna cearta
- Crainn a phlandú ar thailte scoile
- Siúlóidí coillearnaí a chur chun cinn
- Limistéir chéadfacha a chruthú i dtailte páirce agus ar phlásaí eastáit
- Limistéir shuí a chruthú faoi chrainn
- Níos mó crann dúchasach a phlandú agus bithéagsúlacht a mhéadú
- Úlloird uirbeacha a chruthú
- Feasacht an phobail a mhúscailt chun crainn a chosaint

Ba iad na freagraí ar Cheist 13 freagraí na bhfreagróirí nuair a tugadh leid dóibh 'smaoineamh ar aghaidh' agus smaointe a mholadh lena n-áireamh sa Straitéis Crann. Freagairt mhór ab ea an gá atá le pleananna áitiúla comhoibríochá agus réamhghníomhacha cothabhála crann a thabhairt isteach agus a leathnú lena gclúdófar raon gníomhaíochtaí i gcomharsanacht lena n-áirítear athphlandú, bearradh, craobhacha marbha a bhaint, crainn a ionadú, crainn atá ann cheana a chaomhnú agus uisce a chur ar fáil.

Ina theannta sin, ba léir do fhreagróirí gur cheart feachtais oideachais agus feasachta maidir le luach agus tábhacht na gcrann a leathnú go suntasach i scoileanna, i bpobail agus ar na meáin shóisialta.

Bhí tuiscint ann freisin ar an ngá atá le cur chuige iomlánaíoch i leith ár gcaidrimh le crainn. Moladh go sonrach go mbeadh a leithéid d'oidreachas agus rannpháirtíocht ann i measc na n-aoiseanna agus go dtosódh sé le linn na hóige. Mar shampla, ba chóir go mbeadh leanaí ag foghlaim ag aois óg chun síológa a fhás agus chun crainn a chothú agus a 'faire' a dhéanamh ar a bhfás, rud a chabhróidh chun naisc leis an gcomhshaol a bhunú.

Cuireadh in iúl freisin go bhfuil gá le níos mó riachtanas d'fhorbróirí crainn a phlandú chomh maith le roghnú maith crann a chur san áireamh agus poill bhithchoinneála a shuiteáil le draenáil níos fearr a fháil.

Ar deireadh, cuireadh smaoineamh foriomlán in iúl chun ár gcur chuige i leith crann sa chontae a threorú, ba cheart dúinn dul i mbun 'smaointeoireacht ardeaglaise' i gcás ina bhfuil muid sásta nach bhfeicfeadh nó nach bhfaigheadh na daoine úd a chuireann agus a chosnaíonn ár gcrann an tairbhe agus an luach iomlán dár dtimpeallacht mar gheall ar shaolré na gcrann.

CUID IV. GRÚPAÍ FÓCAIS

Forléargas

Thug gach ceann de na Grúpaí Fócais léargas ar na luachanna, ar an leibhéal feasachta agus ar an leibhéal tacaíochta do ghníomhartha cosúil le plandú crann agus cúram crann.

Thug an dá Ghrúpa Fócais don Aos Óg a ndearcadh ar leith freisin ar an gcaoi a bhféachann daoine óga ar a saol féin amach anseo agus ar an ról a cheapann siad a d'fhéadfadh crainn a imirt ina leith sin.

Maidir leis na hionchuir ar na Luachanna, ar an Éiteas agus ar na Prionsabail a bhí le sonrú sa Straitéis, ba léir go raibh naisc mhothúchána ag formhór na rannpháirtithe le crainn. Chuaigh cuid dá scéalta pearsanta i bhfeidhm go mór, agus bhí siad beagáinín aisteach freisin i dtaobh a n-ábhar imní go scriosfaí d'aon ghnó na crainn ina gcomharsanachtaí. Bhí tacaíocht láidir ann do phrionsabail an Chomhoibrithe idir Páirtithe Leasmhara agus do Chothromaíocht an Chumhdaigh Crann. Rinne roinnt rannpháirtithe trácht ar an ngá atá le dearcadh a athrú agus feasacht a mhúscailt ar luach na gcrann mar orgánaigh bheo agus ar an gcaidreamh idirspiléach atá ann idir daoine agus crainn.

Maidir leis na hionchuir chun Feasacht a Mhúscailt mar fhócas don Straitéis, bhí leibhéal éagsúla feasachta iarbhír ann maidir le luach agus ról na gcrann, agus leibhéal íseal feasachta i measc go leor freagróirí ar na dúshláin a bhí le sárú chun cumhdach sláintiúil crann a choinneáil sa chontae agus go leor crann a bhuanú, agus meas ag roinnt mhaith acu ar chrainn mar mhaisiúcháin ar an tírdhreach seachas a bheith rithábhachtach dár n-éiceolaíocht. Tagann an cheist anuas freisin maidir le cé acu an leor nó nach leor na córais oideachais agus chumarsáide atá ann faoi láthair maidir le tábhacht na gcrann dár dtimpeallacht agus dár bhfoláine.

Maidir leis na hionchuir ar Ghníomhartha a bhaineann le Crainn mar fhócas don Straitéis, bhí tiomantas ann go háirithe ó ghrúpaí pobail chun ról a fheidmiú mar oibrithe deonacha i bplandú agus cúram crann. Ba léir freisin go bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuiltear toilteanach comhoibriú maidir le gníomhartha i measc grúpaí agus institiúidí éagsúla atá ag glacadh comhfhreagrachta as cumhdach crann atá ag fás go sláintiúil sa Chontae. Tá práinn ghinearálta ag baint leis na céimeanna ceartaitheacha atá le glacadh ag an gComhairle láithreach, i gcás a ndearnadh damáiste do chrainn.

Tuairimí roghnaithe ó Ghrúpaí Fócais

Ionchuir maidir le Dréachtluachanna, Éiteas agus Prionsabail na Straitéise Crann

Tugann na tuairimí seo a leanas léiriú ar an ngean do chrainn a bhíonn ag na rannpháirtithe:

'Tá crann darach ar an bhfaiche in eastát tithíochta i mBaile Breac. Tá sé taobh amuigh de theach Mhamó Emma agus tá na glúnta dá teaghlach tar éis súgradh ansin, is maith léi mar sin é.'

(Grúpa Fócais don Aos óg II)

'Chuir Sam crann trí thaisme (chuir sé cnónna capaill agus ní raibh a fhios aige go bhfásfaidís ina gcrann), ach d'fhás sé ansin agus choinnigh siad i bpota mar sin é go dtí gur éirigh sé rómhór. Ansin thug siad go dtí na sléibhte é agus chuir siad ann é. Ba chastán é ar ar tugadh Chester. Leagadh le déanaí é.' (Grúpa Fócais don Aos Óg II)

'Is maith linn crainn dheasa cosúil le Mailp Bhándearg agus Bláthú an Chrainn Silíní.' (Grúpa Fócais don Aos óg I)

'Tugann páirceanna le crainn iontu sos dúinn ó charranna agus torann.' (Grúpa Fócais don Aos óg I)

Tugann na tráchtanna seo a leanas léiriú ar luach measta na gcrann:

'Tá crainn deas, suaimhneach, tá dathanna deasa agus craobhacha deasa acu le luascáin agus leapacha luascáin a chrochadh as.' (Grúpa Fócais don Aos Óg II)

'Is trí chomhoibriú a bhainfidimid barrfheabhsú crann agus cothromaíocht crann amach inár gcontae.' (Grúpa Fócais Gnó)

'Cothromaíocht an chumhdaigh crann sa chontae – déanaim go leor siúlóidí agus airímse uaimse na crainn sna páirceanna gnó.' (Grúpa Fócais Gnó)

'Ar thailte IMI thugamar tús áite d'éagsúlacht ár gcrann agus do chothabháil mhaith crann a chuimsigh sábháilteacht freisin ós rud é nach bhfuil imfhálú déanta ar ár dtailte.' (Grúpa Fócais Gnó)

'Baineann ilghnéitheacht le luach na gcrann. Mar shampla, mhéadaigh breisluach na gcrann i soithí plandaí ar na codanna de na sráideanna a coisíodh le déanaí ar an gCarraig Dhubh.' (Grúpa Fócais Pobail)

'Is maolú ar cheantair uirbeacha é toradh na gcrann leordhóthanach agus duilliúir eile, lena n-áirítear cumhdach agus scáth a sholáthar.' (Grúpa Fócais Inmheánach dlr)

'Is córas tacaíochta tábhachtach iad crainn do speicis eile ar nós éan, ialtóg agus feithidí.' (Grúpa Fócais Inmheánach dlr)

Tugann na tuairimí seo a leanas léiriú ar an tábhacht a bhaineann le caighdeán maith agus cothabháil ar chrainn:

'Feileann páirceanna dea-bhainistithe ar nós Chábán tSíle go maith do leanaí, áit ar féidir leo dreapadh go sábháilte ar na crainn.' (Grúpa Fócais Pobail)

'Tá na máistirphleananna do na Páirceanna Réigiúnacha ag feidhmiú go maith chun léargas ardleibhéil a thabhairt dúinn ar an áit ar gá dúinn crainn a chur.' (Grúpa Fócais Inmheánach dlr)

'Conas is féidir linn forbróirí a dhreasú chun crainn a choinneáil, go háirithe crainn teorann agus fáлта sceach?' (Grúpa Fócais Inmheánach dlr)

Tugann na tráchtanna seo a leanas léiriú ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an Athrú Aeráide ar ár dtodhchaí:

'Síleann cuid againn nár cheart dúinn clann a shaolú i ngeall ar ár smaointe faoin gcineál domhain a bheidh ann leis an Athrú Aeráide.' (Grúpa Fócais don Aos Óg II)

'Ba chóir dúinn siúl in ionad tiomáint.' (Grúpa Fócais don Aos Óg II)

'Rachaidh sé i bhfeidhm ar fheirmeoirí agus ar a gcuid barr agus ar gach duine a dteastaíonn bia uathu.' (Grúpa Fócais don Aos Óg I)

'Ba cheart tuiscint níos fearr a fháil ar ról na gcrann chun iarmhairtí na dteasoileán uirbeach a íoslaghdú i bhfianaise thionchair an téimh dhomhanda.' (Grúpa Fócais Inmheánach dlr)

Tugann na tráchtanna seo a leanas léiriú ar an lagmheas a thugtar do chrainn:

'Tá go leor scoileanna sásta íoc as rudaí eile seachas a dtimpeallacht féin ionas nach ndéanann siad ach an féar a lomadh.' (Grúpa Fócais Gnó)

'Tá crainn tábhachtach agus caithfidh daoine foghlaim gan drochíde a thabhairt dóibh agus ba cheart dóibh tosú ar aire a thabhairt dóibh.' (Grúpa Fócais don Aos Óg II)

'Ní féidir le crainn troid ar ais má ionsáimid crainn.' (Grúpa Fócais don Aos Óg II)

'Cúig bliana ó shin ní dhéanfaimis ach crann a leagan dá mbainfeadh sé dúinn, óir bheadh an fhadhb imithe ansin. Sa lá atá inniu ann tá muid i bhfad níos eolaí orthu mar shócmhainn.' (Grúpa Fócais Inmheánach dlr)

'Cuimsíonn an Clár Oibreacha Bóithre sa Chontae go leor athailínithe bóithre agus athsholáthair coirnéal. Den chuid is mó ní dhíríonn na saothair seo ach ar an inlónadh a chomhcheangal gan mórán machnaimh a dhéanamh ar phlandú crann.' (Grúpa Fócais Inmheánach dlr)

Ionchuir ar Fheasacht a Mhúscailt le bheith mar chuid den Straitéis Crann

Tugann na tuairimí seo a leanas léiriú ar an tábhacht a bhaineann le caighdeán maith agus cothabháil ar chrainn:

'Tá na comharsana ag rá gur músclaíodh a bhfeasacht le crainn mar gheall ar chláracha ar RTÉ1 le déanaí a léiríonn a bhfuil ar siúl ar fud na tíre.' (Grúpa Fócais Gnó)

'Craoladh plandú crann le linn Seachtain na gCrann a d'eagraigh Comhairle Crann na hÉireann ar an gclár Nationwide.' (Grúpa Fócais Gnó)

'Tá gá le cumarsáid shaincheaptha faoi thábhacht na gcrann, go háirithe maidir leis an méid a dhéanann siad don tsochaí, cé chomh cabhrach is atá siad, agus cad is féidir le pobail a dhéanamh chun crainn a chothabháil.' (Grúpa Fócais Inmheánach dlr)

Tugann na tuairimí seo a leanas léiriú ar an tábhacht a bhaineann le caighdeán maith agus cothabháil ar chrainn:

'Tabhair míreanna oideachais faoi chrainn ar ais isteach sa phobal ionas gur féidir linn uile níos mó a fhoghlaim faoi chrainn inár gceantar.' (Grúpa Fócais don Aos Óg II)

'Tá an-acmhainn ann níos mó ceardlann agus cuairteanna staidéir dúlra a dhéanamh a mbeidh pobail áitiúla páirteach iontu.' (Grúpa Fócais Pobail)

'Níl a dhóthain eolais ann faoi ról na gcrann chun tuilte a mhaolú agus aerthruailliú a laghdú.' (Grúpa Fócais Inmheánach dlr)

Leis na tráchtanna seo a leanas tugtar léargas ar na deiseanna chun feasacht a mhúscailt faoi thábhacht na gcrann:

'Thug paindéim Covid19 daoine amach as a dtithe agus a gcarranna chun a gcomharsanacht a fhiosrú laistigh den raon 5 km agus tá siad éirithe níos eolaí ar chrainn.' (Grúpa Fócais Gnó)

'Tá daoine ag tosú ag athshamhlú na spásanna coinchréiteacha ina gcomharsanachtaí mar spásanna glasa a d'fhéadfadh a bheith ann agus feasacht mhéadaithe acu ar chailliúint na bithéagsúlachta, rud lena bhféadfaí díriú ar ról na gcrann freisin.' (Grúpa Fócais Gnó)

'Tá cónaitheoirí níos eolaí ar chrainn agus ar an athrú aeráide agus ar luach spásanna oscailte. Is deis é feasacht a mhéadú ar chláir agus tionscadail na Comhairle chun bithéagsúlacht agus plandú crann a mhéadú.' (Grúpa Fócais Inmheánach dlr)

Ionchuir maidir le Gníomhartha i ndáil le Crainn le bheith mar chuid den Straitéis Crann

Tugann na tuairimí seo a leanas léiriú ar conas is féidir plandú crann a éascú agus a chur chun cinn:

'In Ionad Siopadóireachta an Gharráin Chnó tá páirceanna agus limistéir ghlasa ina bhféadfaí crainn a chur, ach níor cheart go gcuirfí crainn sheanga ann a bhrisfí nó a leagfaí go héasca.' (Grúpa Fócais don Aos Óg II)

'Ba cheart go gcuirfeadh dlús níos airde i bhforbairtí tithíochta nua níos mó spáis ar fáil chun crainn a phlandú, agus ba cheart é sin a spreagadh tríd an gcóras pleanála.' (Grúpa Fócais Gnó)

'Ba cheart raon níos éagsúla speiceas crann a chur, go háirithe ós rud é go bhféadfadh speicis áirithe a bheith buailte le haicíd ag amanna áirithe.' (Grúpa Fócais Gnó)

'Ba chóir go mbeadh straitéis réamhghníomhach ann maidir le crainn a phlandú i gceantair nach bhfuil cumhdach leordhóthanach crann iontu ar nós Cheantar Gnó Áth an Ghainimh.' (Grúpa Fócais Pobail)

'Tá gá le caighdeán maidir le dea-roghnú crann i.e. an crann ceart san áit cheart.' (Grúpa Fócais Inmheánach dlr)

'Taispeáin liosta de na speicis crann oiriúnach dá gceantar do na pobail agus iarr orthu rogha a dhéanamh maidir leis na crainn atá le cur chun maoirseacht a chur chun cinn.' (Grúpa Fócais Inmheánach dlr)

Tugann na tuairimí seo a leanas léiriú ar conas is féidir plandú crann agus bainistíocht chomhshaoil a éascú agus a chur chun cinn:

'Is iontach an rud é a fheiceáil conas a chuir beartas na Comhairle maidir le fiántas dath agus úire leis an tírdhreach uirbeach.' (Grúpa Fócais Pobail)

'Ní mór Oifigeach Crann a cheapadh sa Chomhairle láithreach ag a mbeidh buiséad cuí chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na Straitéise Crann.' (Grúpa Fócais Pobail)

'Cad é an fhéidearthacht atá ann do bheartais phleanála na Comhairle tuilleadh crann a chur i gcarrchlóis?' (Grúpa Fócais Pobail)

'Ní mór liostaí plandaithe crann agus dearbhuithe cáilíochta a chur san áireamh in iarratais phleanála agus ní mór meascán de chrainn aibí agus crainn óga a bheith i gceist.' (Grúpa Fócais Inmheánach dlr)

Tugtar sna tuairimí seo a leanas léiriú ar conas is féidir le crainn leas a bhaint as comhoibriú páirtithe leasmhara:

'D'fhéadfaí iarraidh ar go leor daoine i bpobail áitiúla a bhfuil suim acu i gcrann obair dheonach a dhéanamh agus cuidiú le bainistíocht crann.' (Grúpa Fócais Gnó)

'Ba cheart go mbeadh tascfhórsa idir-rannach ann arna chomhordú ag Oifigeach Crann le tacaíocht ó Fhoireann Crann chun déileáil go héifeachtach le fadhbanna bainistíochta crann sa chontae.' (Grúpa Fócais Gnó)

'Tá gréasán iontach d'eagraíochtaí pobalbhunaithe ar nós na gCeantar Slachtmhar agus Seideanna na bhFear i bhfeidhm chun cabhrú le crainn a chur agus aire a thabhairt dóibh.' (Grúpa Fócais Pobail)

'Tá deiseanna ann do thionscnaimh áitiúla ina bhfuil grúpaí pobail ar nós Bailte/Ceantair Shlachtmhara agus eagraíochtaí neamhrialtasacha ar nós Crann ag obair leis an gComhairle ar phlandú crann agus cúram crann a thabhairt dóibh.' (Grúpa Fócais Inmheánach dlr)

'Is féidir leis an gComhairle tacú le scoileanna rannpháirtíocht na hóige i gcur crann agus i gcúram a ghníomhachtú.' (Grúpa Fócais Inmheánach dlr)

Tugann na tuairimí seo a leanas léiriú ar na fadhbanna agus na ceisteanna a bhaineann le crainn:

'Ní maith liom é nuair a thagann duilleoga crainn agus peitil isteach i mo chuid gruaige.' (Grúpa Fócais don Aos Óg II)

'Teastaíonn uainn crainn a chur i Radharc an Chnoic, ach tá faitíos orainn go mbeidh siad dóite go talamh.' (Grúpa Fócais na nÓg II)

'Tá ganntanas crann sna plandlanna mar gheall ar an éileamh a bhí ar dhaoine fad is a bhí daoine faoi dhianghlasáil leis an bpaindéim agus choinnigh siad iad féin gnóthach le garraíodóireacht.' (Grúpa Fócais Gnó)

'A lán daoine neamhcháilithe ag trádáil i dtírdhreachú agus mar chrannlianna, toisc go bhfuil an tionscal neamhrialáilte, is féidir le droch-eolas a bheith ina chúis le go leor dochair.' (Grúpa Fócais Gnó)

'Uaireanta cuireann forbróirí crainn nach bhfuil oiriúnach don timpeallacht áitiúil.' (Grúpa Fócais Gnó)

'Tá gá le crainn a ndearnadh damáiste dóibh a ionadú níos tapúla agus, más féidir, crainn níos aibí a chur ina n-áit.' (Grúpa Fócais Gnó)

'Cén fháil atá ar orduithe caomhnaithe crann chun cosaint crann a chinntiú?' (Grúpa Fócais an Phobail)

'Tá forbairtí nua, go háirithe thart ar Áth an Ghainimh, ag baint úsáid as gach orlach den spás gan aon spás a fhágáil le haghaidh plandú nua agus seanchrainn á mbaint.' (Grúpa Fócais Pobail)

'Is féidir leis na láithreacha chun crainn nua a chur a bheith ina bhfadhb maidir le soilsiú sráide mura bhfuil aon smaointeoireacht chomhpháirteach ann.' (Grúpa Fócais Inmheánach dlr)

'I gcuid mhór d'Eastáit na Comhairle tógadh amach na ciumhaiseanna glasa, rud a d'fhág go raibh laghdú ar líon na gcrann.' (Grúpa Fócais Inmheánach dlr)

'Is féidir le crainn fiabhras léana a chothú.' (Grúpa Fócais don Óige I)

'Uaireanta cruthaíonn fréamhacha na gcrann aibí fadhbanna maidir le cothabháil cosán agus dualgas cúraim na Comhairle do chónaitheoirí.' (Grúpa Fócais Inmheánach dlr)

Tugann na tuairimí seo a leanas léiriú ar smaointe eile faoi conas is féidir plandú crann agus bainistíocht comhshaoil a éascú agus a chur chun cinn:

'Ba cheart dúinn foghlaim ó Albain, áit a n-eisítear Oidis Ghlasa chun leas a bhaint as na buntáistí sláinte a thagann as aireachas foraoise agus éiciteiripe.' (Grúpa Fócais Pobail)

'Ról na gcairde crann – i.e. páistí scoile a aithníonn fadhbanna crann ina gcomharsanachtaí agus a thuairiscíonn na fadhbanna don Chomhairle.' (Grúpa Fócais Pobail)

'Is féidir le teicneolaíochtaí nua cosúil leis an Intleacht Shaorga agus satailítí agus dróin a úsáid chun cabhrú le sainaithint crann agus oibriú cliste.' (Grúpa Fócais Pobail)

'Tuilleadh comharthaí i bhforaoisí agus i gcoillearnacha a thugann eolas faoi chrainn.' (Grúpa Fócais don Aos Óg I)

Anailís ar Phléití sna Fócasghrúpaí

Anailís ar na pléití sna Grúpaí Fócais don Aos Óg

Baineadh úsáid as an bhformáid agus an struchtúr ceistneora céanna leis an leagan amach ionchuir céanna ó Sheirbhísí Páirceanna agus Tírdhreachaithe dlr don dá Ghrúpa Fócais don Aos Óg.

Ar bhonn ginearálta, bhí leibhéal réasúnta íseal tuisceana agus eolais ann maidir le ról agus tábhacht na gcrann. Mhínigh na rannpháirtithe go bhfoghlaimíonn siad faoi chrainn in ábhair amhail an Tíreolas, go háirithe faoi chrainn agus Athrú Aeráide, ach ní faoi speicis crann agus gnáthóg. Thug na rannpháirtithe le fios gur mhaith leo níos mó a fhoghlaim faoi chrainn.

Nuair a spreagtar iad, is beag rannpháirtí a léirigh a rannpháirtíocht phearsanta in imeacht plandaithe crann nó i gcúram crann.

Bhí ceangal i bhfad níos láidre le luach na dtailte páirce agus na spásanna glasa mar áiteanna chun bualadh le daoine eile agus le scíth a ligean. Rinneadh breithiúnas fabhrach ar chrainn sa chomhthéacs sin freisin.

Ba léir go raibh na rannpháirtithe ar an eolas faoi chrainn a baineadh anuas go háirithe i bhfoisceacht a gcuid scoileanna nó i gcás ina bhfuil forbairtí nua ar siúl.

Tugadh leid do rannpháirtithe a gcuid smaointe agus mothúchán faoin Athrú Aeráide a phlé. Ar bhonn ginearálta, bhí imní agus faitíos ann faoin méid a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis an Athrú Aeráide don am amach rompu. Ba iad na hábhair imní ar leith a bhí acu go n-éireoidh an aimsir níos measa d'ainmhithe agus do dhaoine atá ina gcónaí feadh an chósta; go bhféadfadh ganntanas bia a bheith ann de réir mar a rachaidh barra chun donais; agus go mbeidh speicis fiadhúlra agus feithidí ag á ndíothú.

Anailís ar phléití sa Ghrúpa Fócais Úinéirí Gnó agus Talún

Léirigh na pléití le grúpaí gnó agus úinéirí talún an dearcadh dearfach céanna i leith crann agus a luacha don chontae agus a léiríodh i ngrúpaí fócais eile.

Breathnóireacht láidir ab ea na hathruithe ar chultúr agus ar ghníomhaíochtaí an phobail áitiúil sa chontae de bharr thionchar na paindéime Covid-19. Is maith an rud é go nglacann an pobal le stíl mhaireachtála lasmuigh agus le húsáid rialta spásanna oscailte agus glasa chun tuiscint níos fearr a fháil ar luach na gcrann.

Tarraingíodh aird ar na deiseanna le haghaidh tuilleadh gníomhaíochtaí lasmuigh lena n-áirítear siúlóidí eagraithe. Ba í an fhainic, áfach, má bhíonn tailte príobháideacha i gceist leis na turais sin, go n-ardófaí seanchrá croí na gcúrsaí árachais. Tugadh le fios go gcaithfidh go leor úinéirí talún a n-áitreabh a chosaint le fálú chun cosc a chur ar dhaoine dul isteach agus b'fhéidir timpistí agus damáiste a bheith acu dar mian leo agairt a dhéanamh ar na húnéirí talún.

Pléadh an méadú poiblíochta do chrainn ar an teilifís náisiúnta le déanaí i gcomhthéacs úsáid a bhaint as an móiminteam chun feachtais feasachta áitiúla a mhéadú. D'fhéadfadh na feachtais seo a bheith i bpobail ach freisin ar áitreabh gnó mar shampla ag cumainn ghailf. Fiú amháin crainn a lipéadú ionas gur féidir leis an bpobal i gcoitinne a fheiceáil an cineál speicis atá iontu ag cur leis an eolas agus feasacht.

Cuireadh i dtábhacht an easpa rialúcháin agus práinne a bhaineann le bearta cosanta crann a chur i bhfeidhm. Mar shampla, is féidir le duine ar bith gnó a thosú sa tírdhreachú agus bearradh crann gan mórán cáilíochtaí nó gan aon cháilíocht i gcóras nach bhfuil aon seiceáil ná dearbhú cáilíochta ann ar sheirbhísí a sheachadtar. Uaireanta bíonn na hiarmhairtí tubaisteach agus díobhálach do chrainn.

Cuireadh an cheist freisin an bhfuil straitéisí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta ann a thabharfaidh aghaidh ar na gnéithe difriúla a bhaineann le cumhdach sláintiúil crann uirbeach agus go háirithe, conas a dhéanfar dul chun cinn a thomhas maidir le cur chun feidhme straitéise, mar shampla spriocanna a bhaint amach maidir le plandú agus ceapadh astaíochtaí.

Anailís ar na pléití sna Grúpaí Fócais Pobail

Cosúil leis an nGrúpa Fócais Gnó, bhí rannpháirtithe sa Ghrúpa Fócais Pobail an-dearfach faoi fhorbairtí a thionscain an Chomhairle le déanaí chun sráideanna a athailíniú agus chun spásanna nua a chruthú do choisithe agus do rothaithe chomh maith le binsí nua i spásanna moilleadóireachta i lár bailte. Chonaic siad na forbairtí sin mar léiriú ar athrú dearfach ar dhearcadh an phobail maidir le luach spásanna poiblí, éiteas na hinmharthanachta agus na timpeallachta nádúrtha i gcoitinne.

Tugadh faoi deara go bhfuil stair bhródúil ag an gComhairle chomh maith le go leor grúpaí pobail maidir le plandú crann agus cúram crann. Samplaí a tugadh ná plandú na gcrann in aice le débhealaí agus breis

agus 11,000 crann arna bplandú ag Bailte Slachtmhara na Seanchille – ceann ar son gach cónaitheora. Moladh an gradam a bronnadh ar Chathair Crann na Náisiún Aontaithe ar an gContae le déanaí.

Tá baint phearsanta ag go leor de na rannpháirtithe le plandú crann agus le cúram crann. Léirigh a ndearcadh ar luach na gcrann agus an chomhshaoil a n-áitiús ar ghnéithe ar nós an gá atá le cumhdach na gcrann uirbeach a leathnú go suntasach agus bithéagsúlacht a mhéadú sa Chontae. Bhí comhdhearcadh ginearálta ann nach féidir é sin a bhaint amach ach trí struchtúir agus tacaíochtaí comhoibríocha a bhunú sa Chontae ina n-oibríonn an t-údarás áitiúil, scoileanna, ollscoileanna, gnóilachtaí agus grúpaí pobail le chéile agus freagracht chomhpháirteach a ghlacadh as an toradh, eadhon maoirseacht níos fearr ar thimpeallachtaí áitiúla a thugann deis do chrainn fás agus bláthú.

Bhí práinn ag baint leis an ngrúpa fócais freisin nach gcuirtear dóthain béime agus cumarsáide ar ról na gcrann chun tionchair an athraithe aeráide a mhaolú. Ní hamháin gur cás oideachais agus cumarsáide níos foirmiúla é sin, ach ba cheart é a chur ar aghaidh freisin in go leor gníomhartha níos lú amhail daoine fásta a oibríonn go deonach chun daoine scothaosta, leanaí agus déagóirí a thabhairt ar shiúlóidí comhrá crann trí choillearnacha agus a gcomharsanachtaí; líníochtaí cailc a léiríonn luach na gcrann; tionscadail eolaíochta saoránach le scoileanna agus ollscoileanna; agus déileáil go cuiditheach le hábhair inmí phraiticiúla amhail tionchar na gcrann ar an solas agus a rioscaí sábháilteachta (i.e. iarracht a dhéanamh teacht ar chomhréitigh agus roghanna malartacha ar chrainn a bhaint).

Bhí an gá le bheith cuimsitheach sna gníomhartha a bhaineann le crainn le brath go géar. Chiallaigh sé sin gur cheart do ghrúpaí agus gníomhaireachtaí pobail dú-iarrachtaí a dhéanamh chun teagmháil a dhéanamh le cohóirt daonra a d'fhéadfaí a fhágáil ar lár murach sin, mar shampla daoine nua a bhfuil cumas teoranta teanga acu agus daoine faoi mhíchumas soghluaisteachta. Measadh an éagothromaíocht sa chumhdach crann sa Chontae (i.e. líon na bpobal agus ceantar atá ar bheagán crann) mar limistéar tosaíochta freisin a bhfuil aghaidh le tabhairt air.

Anailís ar na pléití sa Ghrúpa Fócais Inmheánach

Léiríodh sna pléití i measc baill foirne ó ranna agus rannóga éagsúla de chuid na Comhairle sa Ghrúpa Fócais seo, cé go bhfuil beagán nósanna imeachta foirmiúla ann lena rialaítear bainistíocht idir-rannach ar chúrsaí a bhaineann le clúdach sláintiúil crann uirbeach sa chontae, go bhfuil roinnt caidreamh neamhfhoirmiúil choláisteach ann trínar féidir saincheisteanna a bhaineann le baint crann nó plandú crann mar shampla a thabhairt anuas. Is é an chonclúid, áfach, nach ndéantar foráil leis sin maidir le córas comhsheasmhach agus láidir agus gur cheart nósanna imeachta níos foirmiúla a chomhaontú mar bheartas inmheánach.

Rinneadh roinnt moltaí praiticiúla ar cheart don bhainistíocht iad a bhreithniú. Áirítear orthu sin na coinníollacha pleanála d'fhorbairtí nua a athrú ó riachtanas chun glanchaillteanas bithéagsúlachta a chos go dtí riachtanas chun gnóthachain sa bhithéagsúlacht a sheachadadh, lena n-áirítear trí níos mó crann a phlandú. Ba cheart don Rannóg Pleanála a éileamh freisin go ndéanfaidh na Seirbhísí Páirceanna agus Tírdhreachaithe pleananna mionsonraithe plandaithe ó fhorbróirí a mheas chun aontú ar na speicis, an méid agus an ghnáthóg iomchuí.

D'fhéadfaí prótacal nua eile a chur san áireamh do gach roinn a bhfuil tionscadail forbartha nua acu (e.g. bóithre, tithíocht, draenáil etc.) chun dul i gcomhairle le Seirbhísí Páirceanna agus Tírdhreachaithe maidir

leis na féidearthachtaí chun plandú crann a chur san áireamh agus comhairle a lorg maidir leis na caighdeáin iomchuí speiceas agus poll crann. Beartas réamhghníomhach a bheidh anseo a d'fhéadfadh na costais a bhaineann le hiarfheistiú níos costasaí a shábháil má fhágtar comhairliúchán ródhéanach.

Moladh freisin, trí chomhoibriú idir ranna, go bhféadfaí tús a chur le roinnt tionscadal píolótach nuálach, mar shampla oibriú le chéile ar scagachán uisce agus sobail feadh na mbóithre (An Roinn Iompraíochta); seisiúin chun léamh faoi chrainn in éineacht le siúlóidí chun crainn a 'aimsiú' sa chontae (Leabharlanna); gníomhaíochtaí crann pobail lena n-áirítear plandú agus searmanais (Rannóg an Phobail); agus comhaireamh cliste crann agus measúnú ar riachtanais chun cothromaíocht an chumhdaigh crann a bhaint amach (Baile Átha Cliath Cliste).

Cuireadh an smaoineamh in iúl freisin go n-aithneofaí cosantóir crann i ngach roinn de chuid na Comhairle ar féidir leo abhcóideacht a dhéanamh chun crainn a bhreithniú agus idirchaidreamh a dhéanamh le ranna eile chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le crainn.

CUID V. ACHOIMRE: BARÚLACHA & MOLTAÍ

Go hachomair, tá na torthaí seo a leanas bainte amach ag an bpróiseas rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara:

- Anailís ghrinn ar na páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha ar féidir leo ról dhifriúla a fheidhmiú ar chur chun feidhme na Straitéise.
- Plé grinn le rannpháirtithe atá ionadaíoch ar na páirtithe leasmhara difriúla ar cheart dul i dteagmháil leo le haghaidh comhoibriú amach anseo i gcur chun feidhme na Straitéise.
- Móiminteam le haghaidh plé agus rannpháirtíocht leanúnach, go háirithe trí struchtúir a thacaíonn le daoine óga (i.e. Comhairle na nÓg, Comhpháirtíocht Southside agus Crosscare) agus líonraí grúpaí pobail (i.e. Líonra Rannpháirtíochta Poiblí dlr).
- Pléití idir-rannacha i gComhairle Contae dlr chun an bunús a thógáil don chomhoibriú, prótacail agus nósanna imeachta amach anseo.

Le linn an phróisis forbartha straitéise, ní thugtar anuas saincheistanna agus smaointe riamh agus déantar anailís orthu ar bhealach docht foirmleach agus ordúil. B'amhlaidh an scéal freisin sa chéim seo d'fhorbairt na Straitéise Crann dlr 2022-2031. De réir mar a tharla imeachtaí ar nós anailís ar pháirtithe leasmhara nó torthaí ar shuirbhé nó pléití sna grúpaí fócais, phléigh foireann na Straitéise agus na sainchomhairleoirí na smaointe agus na saincheistanna a thugtar anuas le linn roinnt cruinnithe ar líne. B'ócáidí luachmhara iad sin chun comhthuiscint a fhorbairt ar na dúshláin agus ar na deiseanna a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu sa Straitéis.

Déantar machnamh sa tuarascáil ar na pléití sin. Is é luach na tuarascála seo an úsáid a bhaintear aisti mar dhoiciméad tagartha do réimse peirspictíochtaí agus smaointe ar féidir iad a leanúint le páirtithe leasmhara chomh maith le cinnteoireacht a threorú i gComhairle Contae dlr maidir leis an mbealach is fearr chun fis a bhaint amach de chumhdach crann uirbeach sláintiúil a bheidh méadaithe go mór sa Chontae.

Is féidir achoimre a dhéanamh ar na príomhthorthaí a d'eascair as an suirbhé agus as na pléití i ngrúpaí fócais mar seo a leanas:

- Amharcann formhór na rannpháirtithe ar chrainn mar ghnéithe luachmhara dá dtimpeallachtaí maireachtála.
- Ní gá gurb ionann an paisean sin agus tuiscint a fháil ar luach na gcrann thar roinnt gnéithe idir maolú ar an athrú aeráide agus soláthar gnáthóg agus bithéagsúlacht.
- Tá toilteanas forleathan i measc go leor eagraíochtaí agus daoine aonair a bheith ag obair leis an údarás áitiúil chomh maith le hinstiúidí oideachais agus taighde chun cur le gníomhaíochtaí ar nós plandú crann, cúram crann, siúlóidí cainte crann agus eolaíocht saoránach.
- Tá tuiscint ghinearálta ann freisin go gcaithfear teacht ar chomhréitigh agus roghanna malartacha le haghaidh fadhbanna ar nós riosca díobhála nach gcumhdaítear le hárachas, bac éadrom, agus crainn aibí a bhaint le haghaidh forbairtí nua.

- Ba chóir go mbeadh sé mar thosaíocht éagothromaíocht an chumhdaigh crann sa Chontae a laghdú.

Moltar go dtabharfaí aghaidh chuimsitheach ar gach ceann de na torthaí sin sa Straitéis Crann. Ar deireadh, ba cheart an móiminteam a cruthaíodh sa phróiseas rannpháirtíochta páirtithe leasmhara a thabhairt ar aghaidh le níos mó aiseolais agus rannpháirtíochta leis na rannpháirtithe, lena n-áirítear gníomhaíochtaí píolótacha comhpháirteacha a d'fhéadfadh a bheith ann a luaithe is indéanta. Tá sé tábhachtach chun cur leis na hiarrachtaí comhoibríocha an phróisis rannpháirtíochta páirtithe leasmhara agus leanúint de chaidreamh leis na rannpháirtithe a neartú – agus comhoibriú a leathnú i gcur chun feidhme na straitéise crann.

AGUISÍNÍ

Ní chuirfear na míreanna aguisín thíos san áireamh sa deireadh mar na naisc seo ach cuirfear san áireamh iad sa tuarascáil atá formáidithe ag an dearthóir.

Aguisín A: Liosta Rannpháirtithe an Phróisis Rannpháirtíochta

<https://docs.google.com/spreadsheets/d/18aOGm3Kw3gy63sFF6A-lp9p-HY6CBRhtmSLtmFdmmM0/edit?usp=sharing>

Aguisín B: Tuarascáil an tSuirbhé ar Pháirtithe Leasmhara

<https://docs.google.com/document/d/10LQswNvwwNu0a8xFzf6dznYn-GuYx0ilnqgyo2BSE04/edit?usp=sharing>

Aguisín C: Pléchlár i bhFócasghrúpaí

Tá an pléchlár do ghrúpaí fócais Úinéirí Gnó & Talún, Grúpaí Pobail, agus Foireann DLR (Inmheánach) thíos:

- I. Fáiltiú (5 nóim)
- II. Forbhreathnú ar Chuspóir na Rialacha Grúpa Fócais agus Tí (5 nóim)
- III. Aithne a chur ar a chéile maille le Réamhrá (5 nóiméad)
- IV. Cur i láthair ó DLR (10 nóim)
- V. Plé Stiúrtha i Seomraí ar Leithligh (80–90 nóim)
 - A. Luachanna agus Prionsabail na Straitéise Crann (15–20 nóim)
 - B. Meastóireacht ar Staid Reatha & Forbairt Cur Chuige Nua maidir le *Feasacht ar Thábhacht Crann* (25–30 nóim)
 - C. Meastóireacht ar Staid Reatha & Forbairt Cur Chuige Nua maidir le *Gníomhartha chun Cumhdach Crann a Mhéadú* (25–30 nóim)
- VI. Súil Siar & Clabhsúr (10–15 nóim)

Seo thíos an plé-chlár don dá ghrúpa fócais don aos óg:

- I. Forbhreathnú ar Chuspóir na Rialacha Grúpa Fócais agus Tí (5 nóim)
- II. Cur i láthair (10 nóim)
- III. Plé Stiúrtha i Seomraí ar Leithligh (30–40 nóim)
 - A. Mothúcháin phearsanta faoi chrainn (5–10 nóim)
 - B. Crainn i do chomharsanacht (5–10 nóim)
 - C. Eolas agus luach na gcrann (5–10 nóim)
 - D. Crainn agus Athrú Aeráide (5–10 nóim)
- IV. Súil Siar & Clabhsúr (5–10 nóim)

Aguisín D: Teimpléad Bhileog Oibre na nGrúpaí Fócais

Seo thíos teimpléad na bileoige oibre a úsáidtear do gach fócasghrúpa seachas na grúpaí fócais don aos óg.

<https://app.mural.co/t/connectthedots6997/m/connectthedots6997/1621389155091/cebeea4cf5702359a2e26e0efdf2a0d0380e5047?sender=marisa0778>

Aguisín E: Bileoga Oibre na nGrúpaí Fócais (líonta amach)

Grúpaí Fócais Gnó

- Múrmhaisiú Wessel:
<https://app.mural.co/t/connectthedots6997/m/connectthedots6997/1618896234090/e b19b6b588b8f67a3e6409a043dec1c43d0f4068>
- Múrmhaisiú Marisa:
<https://app.mural.co/t/connectthedots6997/m/connectthedots6997/1618896213004/2f c94e1d47b36a28f1e2019dfe0a0fe346dc309b>

Grúpa Fócais Ball Foirme

- Múrmhaisiú Wessel:
<https://app.mural.co/t/connectthedots6997/m/connectthedots6997/1618896262199/5 6b72d560dc6c08dbf5d1cc2077191d698898295>
- Múrmhaisiú Wessel:
<https://app.mural.co/t/connectthedots6997/m/connectthedots6997/1618896278793/ef de6bfd3da022a0632372c899405b41b2a7a4d9>

Grúpa Fócais Inmheánach

- Múrmhaisiú Wessel:
<https://app.mural.co/t/connectthedots6997/m/connectthedots6997/1618896313121/4 09a131ed0df280777f49de43336c5e19a2c9562>
- Múrmhaisiú Marisa:
<https://app.mural.co/t/connectthedots6997/m/connectthedots6997/1618896298063/0 6605057541be6122baf335b7de9e61e1d73319e>